# CINNEADH (AE) 2020/1494 ÓN gCOMHAIRLE

## an 12 Deireadh Fómhair 2020

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Riaracháin um an gCoinbhinsiún Custaim um iompar idirnáisiúnta earraí faoi chumhdach *carnets* TIR (Coinbhinsiún TIR) a mhéid a bhaineann le leasuithe áirithe ar an gCoinbhinsiún sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh an Coinbhinsiún Custaim um iompar idirnáisiúnta earraí faoi chumhdach *carnets* TIR (Coinbhinsiún TIR) an 14 Samhain 1975 ("Coinbhinsiún TIR") a fhormheas thar ceann Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa trí bhíthin Chinneadh (CEE) Uimh. 2112/78 [1] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm sa Chomhphobal an 20 Meitheamh 1983 [2].

(2) Trí bhíthin Chinneadh 2009/477/CE ón gComhairle [3], foilsíodh téacs comhdhlúite de Choinbhinsiún TIR. I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 1 den Chinneadh sin, tá an Coimisiún le leasuithe a dhéanfar ar Choinbhinsiún TIR amach anseo a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus léireofar dáta a dteacht i bhfeidhm.

(3) Is féidir leis an gCoiste Riaracháin arna bhunú leis an gCoinbhinsiún TIR (an "Coiste Riaracháin") an Coinbhinsiún TIR a leasú i gcomhréir le hAirteagail 59 agus 60 de Choinbhinsiún TIR.

(4) Le linn a 73ú seisiún an 15 Deireadh Fómhair 2020 nó ag seisiún níos faide anonn, tá an Coiste Riaracháin le leasuithe áirithe ar Choinbhinsiún TIR a ghlacadh.

(5) Is iomchuí an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Choiste Riaracháin a mhéid a bhaineann le leasuithe áirithe ar an gCoinbhinsiún TIR, mar go mbeidh na leasuithe sin ceangailteach ar an Aontas.

(6) Chun dlús a chur le nuachóiriú chóras TIR, is gá traschur leictreonach éigeantach sonraí a dhéanann na húdaráis inniúla chuig Bord Feidhmiúcháin TIR arna bhunú leis an gCoiste Riaracháin maidir le húdaruithe shealbhóirí *carnet* TIR agus tarraingt siar údaruithe den sórt sin a thabhairt isteach agus chun bunachar sonraí iontaofa idirnáisiúnta ar líne d'oifigí Custaim a chruthú a ghlacann le gluaiseachtaí TIR trí Airteagal 38 de Choinbhinsiún TIR agus Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún TIR a leasú agus trí Nóta Míniúcháin nua a chruthú a ghabhann le hAirteagal 45 de Choinbhinsiún TIR.

(7) Chun tarraingteacht Choinbhinsiún TIR a fheabhsú d'oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis Chustaim araon, is gá a cheadú do na Páirtithe Conarthacha níos mó saoráidí a dheonú do dhaoine cuí-údaraithe maidir le cur i bhfeidhm Choinbhinsiún TIR trí Nóta Míniúcháin nua a chruthú a ghabhann le hAirteagal 49 de Choinbhinsiún TIR.

(8) Chun Coinbhinsiún TIR a shoiléiriú, is gá úsáid bealaigh fhorordaithe laistigh de na ceardchumainn chustaim a shonrú trí Airteagal 20 de Choinbhinsiún TIR a leasú agus an t-uasmhéid molta is féidir a éileamh ó na comhlachais ráthaithe le haghaidh *carnets* TIR tobac agus alcóil a mhéadú tríd an Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 8 de Choinbhinsiún TIR a leasú.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart do sheasamh an Aontais sa Choiste Riaracháin a bheith bunaithe ar na dréachtleasuithe ar an gCoinbhinsiún TIR.

(10) Ba cheart don Choimisiún seasamh an Aontais a chur in iúl.

(11) Nuair atá vótáil fhoirmiúil le déanamh sa Choiste Riaracháin, ba cheart do Bhallstáit an Aontais seasamh an Aontais a chur in iúl ag gníomhú go comhpháirteach dóibh chun leasa an Aontais,

[1] Rialachán (CEE) Uimh. 2112/78 ón gComhairle an 25 Iúil 1978 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin Custaim um iompar idirnáisiúnta earraí faoi chumhdach *carnets* TIR (Coinbhinsiún TIR) an 14 Samhain 1975 sa Ghinéiv (IO L 252, 14.9.1978, lch. 1).

[2] IO L 31, 2.2.1983, lch. 13.

[3] Cinneadh 2009/477/CE ón gComhairle an 28 Bealtaine 2009 lena bhfoilsítear i bhfoirm chomhdhlúite téacs an Choinbhinsiúin Custaim um iompar idirnáisiúnta earraí faoi chumhdach *carnets* TIR (Coinbhinsiún TIR) an 14 Samhain 1975 arna leasú ón dáta sin i leith (IO L 165, 26.6.2009, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais le linn an 73ú seisiún nó seisiúin an Choiste Riaracháin um an gCoinbhinsiún Custaim um iompar idirnáisiúnta earraí faoi chumhdach *carnets* TIR (Coinbhinsiún TIR) an 14 Samhain 1975 (“Coinbhinsiún TIR”) a bheidh ann lá níos faide anonn, beidh sé bunaithe ar na dréachtleasuithe ar an gCoinbhinsiún TIR ([4]).

*Airteagal 2*

1. Cuirfidh an Coimisiún an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 in iúl.

2. Cuirfidh Ballstáit an Aontais seasamh an Aontais in iúl nuair atá vótáil fhoirmiúil le déanamh sa Choiste Riaracháin, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh chun leas an Aontais.

*Airteagal 3*

Féadfaidh ionadaithe an Aontais teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 gan cinneadh dá éis sin ón gComhairle.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 12 Deireadh Fómhair 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

([4]) Féach doiciméad ST 10759/2020 ar http://register.consilium.europa.eu.